Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5843/22**

**COH 5**
**FIN 89**
**SOC 52**
**CADREFIN 8**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14325/21 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Regularity of spending in EU Cohesion policy: Commission discloses annually a minimum estimated level of error that is not final* [Rialtacht an chaiteachais i mbeartas comhtháthaithe an Aontais: foilsíonn an Coimisiún íosleibhéal measta earráide nach bhfuil críochnaitheach gach bliain]<br>- Formheas |

1. An 23 Samhain 2021, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 dar teideal *Regularity of spending in EU Cohesion policy: Commission discloses annually a minimum estimated level of error that is not final* [Rialtacht an chaiteachais i mbeartas comhtháthaithe an Aontais: foilsíonn an Coimisiún íosleibhéal measta earráide nach bhfuil críochnaitheach gach bliain].

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 27 Deireadh Fómhair 2021, don Mheitheal um Bhearta Struchtúracha agus na Réigiún is Forimeallaí scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Chuir an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 2 Nollaig 2021. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht ag cruinnithe na Meithle sin an 11[1] agus an 27 Eanáir 2022[2]. Chomhaontaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí na conclúidí sin an 27 Eanáir 2022[3].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle na conclúidí sin ón gComhairle, mar a leagtar amach in 5844/22 iad, a fhormheas, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

1 WK 24/22.
2 WK 24/1/22 REV 1.
3 WK 24/02/2022 REV 2.